# Beartas Cistiúcháin Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge i dtaca le Féilte & Imeachtaí 2021

Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

Glacadh leis seo an 9 Meán Fómhair 2021

## Réamhrá

Is é misean Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, agus cuspóir an bheartais seo, ná go mbeidh 'Port Láirge, mar Phríomhchathair an Oirdheiscirt, ina háit bheomhar agus inbhuanaithe do na daoine go léir a chónaíonn, a oibríonn nó a infheistíonn ann, nó a thugann cuairt air.'

Ceann de na bealaí ina bhfuil Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge ag obair chun an méid seo a dhéanamh is ea trí thacaíocht leanúnach le raon leathan féilte agus imeachtaí i bPort Láirge trí chéile. Sa bhliain 2021, lamháil Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge €1.3m do 70 féile agus imeacht i bPort Láirge a chuaigh chun tairbhe do Phort Láirge ó thaobh an gheilleagair, ó thaobh na turasóireachta, ó thaobh an chultúir, ó thaobh na healaíne nó ó thaobh an phobail de. Tá sé mar ardaidhm ag Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge leanúint de thacaíocht a chur ar fáil d'fhéilte agus d'imeachtaí san am le teacht.

Ba iad an Coiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Gheilleagrach agus Fiontraíocht agus an Coiste Beartais Straitéisigh um Thithíocht, Pobal, Cultúr agus Leabharlanna a chomhullmhaigh an beartas seo chun deimhin a dhéanamh de chur chuige straitéiseach ó thaobh tacaíocht a chur ar fáil d'fhéilte agus d'imeachtaí d'fhonn cabhrú leo fás, forbairt agus éagsúlú a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe agus d'fhonn cabhrú ó thaobh cuspóirí na Comhairle a bhaint amach.

Chomh maith leis an mbeartas seo a chur i ngníomh, cuirfidh Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge oiliúint agus tacaíocht ar fáil gach bliain d'fhéilte agus d'imeachtaí na háite chun cabhrú linn ár gcomhchuspóirí do Phort Láirge mar áit atá beomhar agus inbhuanaithe a bhaint amach.

Déanfaidh na Coistí Beartais Straitéisigh is cuí athbhreithniú ar an mbeartas seo dhá bhliain tar éis a ghlactha.

## Cad leis a bhfuilimid ag súil sa bheartas seo?

- Cinntiú go mbainfear feidhm rathúil as na cistí a bheidh ar fáil chun forbairt, fás agus éagsúlú a dhéanamh ar fhéilte agus imeachtaí Phort Láirge sna blianta le teacht agus chun cabhrú leis an gComhairle misean Phort Láirge mar áit atá beomhar agus inbhuanaithe a bhaint amach.
- Cinntiú go mbainfidh Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge luach ar airgead amach sna féilte agus sna himeachtaí a dtugann sí infheistíocht agus tacaíocht dóibh gach bliain trí Eochairtháscairí Feidhmíochta a fhorbairt mar is cuí.
- Na cuspóirí éagsúla a bhaint amach faoi gach ceann de na trí chatagóir cistiúcháin: Geilleagar, Ealaíona agus Pobal, a léiritear thíos, trí chistí a bhronnadh ar na himeachtaí sin is mó a bhíonn ag teacht leis na cuspóirí seo.
- Soiléire a chur ar fáil do na páirtithe leasmhara go léir maidir le próiseas an iarratais agus próiseas an bhreithniúcháin trí shainaithint shoiléir a dhéanamh ar cad atá nó nach bhfuil intofa, tríd an mbeartas seo a fhoilsiú agus tríd an oiliúint choimhdeach a chur ar fáil.
- Cistí na Comhairle a úsáid chun cur le hinfheistíochtaí áitiúla agus náisiúnta eile san earnáil lena n-áirítear Fáilte Éireann, An Chomhairle Ealaíon, LEADER srl., agus urraíocht na hearnála príobháidí, ach gan a bheith teoranta dóibh sin, agus gan dúbláil (ná athsholáthar) a dhéanamh ar na hinfheistíochtaí eile sin.
- Deiseanna a chruthú ar mhaithe le himeachtaí nua nó le himeachtaí atá ag teacht chun cinn trí fhéachaint le tosaíocht a thabhairt d'imeacht amháin nua nó d'fhéile amháin nua, ar a laghad, gach bliain, faoi réir caighdeán oiriúnach iarratais a bheith ann.
- A chinntiú nach ndéanfar talamh slán de, i gcás imeachta, go gcoinneoidh sé air ó thaobh an t-imeacht a bheith á mhaoiniú ar bhonn leanúnach de bhun na gcistí a lamháladh sa

bhliain roimhe sin, ach amháin más ní gurb í féile shuaitheanta/lárnach atá i gceist, nuair a ráthaítear ina thaobh go gcuirfear cistí ar fáil don fhéile go ceann tréimhse trí bliana.
- Aghaidh a thabhairt ar an ndearcadh go bhfuil imeachtaí suaitheanta atá á dtionól i Lár Chathair Phort Láirge gan tairbhe do Phort Láirge i gcoitinne. Bainfear é seo amach trí léargais a chur ar fáil maidir leis an lucht freastail ar fhéilte/imeachtaí mar chuid de thionscadal taighde margaidh leis na féilte suaitheanta, rud a bheidh faoi réir cistiúcháin.
- Aitheantas a thabhairt do luach na bhféilte suaitheanta/lárnacha agus luach na n-imeachtaí suaitheanta/lárnacha agus don ghá le cistí leanúnacha ar an mórchóir a chur ar fáil chun deimhin a dhéanamh dá n-inbhuanaitheacht, trí na himeachtaí seo a ainmniú, maoiniú a chur i leataoibh agus cistí a gheallúint thar tréimhse íosta trí bliana. Aithníonn sé seo an cion feidhme a bhíonn acu ó thaobh:
  - Tacú le seachadadh ár Straitéise Turasóireachta,
  - Líon suntasach cuairteoirí a mhealladh go dtí ár lárionaid uirbeacha,
  - Cabhrú go mór leis an ngeilleagar áitiúil/réigiúnach,
  - Cur le hiomrá Phort Láirge ar bhonn náisiúnta agus, b'fhéidir, ar bhonn idirnáisiúnta agus
  - Oibriú ar mhaithe le dearfacht chultúir Phort Láirge.

## Próiseas reatha an iarratais agus an bhreithniúcháin

Forbraíodh próiseas reatha an iarratais agus an bhreithniúcháin i gcomhairle le féilte agus imeachtaí na háite agus leanfaidh an próiseas seo d'fheidhmiú agus de bheith faoi threoir an bheartais seo.




## Sainmhínithe

Tarraingíonn féile nó imeacht **suaitheanta nó lárnach** lucht mór freastail agus rannpháirtíochta, agus tionóltar é thar trí lá ar a laghad, de ghnáth. Bíonn iomrá dearfach réigiúnach, agus b'fhéidir náisiúnta, leis na himeachtaí seo, de ghnáth, agus is iondúil go mbaineann siad clúdach forleathan sna meáin amach agus is minic a ritear iad go gairmiúil nó go leathghairmiúil. Is sainimeachtaí iad seo ina mbíonn buanna móra na húrnuachta a spreagann daoine chun taisteal d'fhonn freastal ar na himeachtaí seo. De ghnáth, bíonn siad ar an mórchóir agus uaillmhianach agus deineann siad tairbhe shuaithinseach do gheilleagar na háite. Is gnách na himeachtaí a bheith ar siúl le trí bliana anuas ar a laghad. Is éard is aidhm le tacaíocht a thabhairt d'fhéilte suaitheanta/lárnacha ná féilire a shealbhú de thrí imeacht nó de cheithre imeacht, ar a laghad, ar scála réigíunach nó ar scála náisiúnta, i gcaitheamh na bliana ar fad.

Cruthófar mír i líne ar leith sa bhuiséad bliantúil i gcomhair na nImeachtaí Suaitheanta/Lárnacha chun cistí a chur i leataoibh do na féilte/himeachtaí seo. Is ar mheasúnacht tosaigh a n-iarratais

a bhunófar leibhéal na gcistí a bhronnfar ar na féilte suaitheanta agus socróidh na Baill Thofa sa Chomhairle Iomlánach an méid críochnúil. Ráthófar go ndéanfar na himeachtaí seo a mhaoiniú go ceann trí bliana ar a laghad ag an leibhéal seo, agus ina dhiaidh sin déanfar athbhreithniú ar an ngnó agus ceanglófar ar lucht eagraithe an imeachta iarratas nua a dhéanamh.

| Féilte agus Imeachtaí Suaitheanta/ Lárnacha i bPort Láirge Imeacht | Costas Iomlán na Féile 2021 | Ranníocaíocht ón gComhairle |
|---|---|---|
| **Winterval** | €429,000 | €429,000 |
| **Féile Bia Iarthar Phort Láirge** | €240,000 | €50,000 |
| **Spraoi** | €406,000 | €70,000 |
| **Ballaí Phort Láirge** | €160,000 | €35,000 |
| **Féile Ceoldrámaíochta na hAbhann Móire** | €483,000 | €7,000 |

**Ceanglais ar fhéilte suaitheanta**

- Faoi réir cistí a bheith ar fáil, ceanglófar ar fhéilte suaitheanta oibriú i gcomhar le Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge maidir le forbairt ar shraith d'Eochairtháscairí Feidhmíochta a bhféadfar feidhmíocht san am le teacht a thomhas dá réir agus a chabhróidh le déanamh na gcinntí san am le teacht ar chúrsaí cistiúcháin.
- Ceanglófar ar fhéilte suaitheanta a thaispeáint go bhfuil a mhalairt de chistí ón earnáil phríobháideach agus/nó ón earnáil phoiblí á fháil nó á lorg acu.
- Ceanglófar ar fhéilte suaitheanta cúnamh a thabhairt do Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge ó thaobh tuarascáil bhliantúil a ullmhú ar na himeaachtaí, lena n-áireofar Cuntas Achomhair ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus Eochairtháscairí Feidhmíochta a bhainfidh le hábhar.
- Iarrfar ar na féilte suaitheanta a mbeidh €25,000 nó níos mó ná sin á fháil acu mar chistí clár na féile acu a chur i láthair an Choiste Beartais Straitéiseigh a bhainfidh le hábhar (chun críocha eolais amháin).

**Forbairt ar fhéilte suaitheanta/lárnacha san am le teacht**

Cuirfidh Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge oiliúint ar fáil d'fhéilte agus d'imeachtaí chun a n-imeacht a shaothrú sa dóigh go sroisfear lucht freastail níos líonmhaire agus, b'fhéidir, sa dóigh go dtiocfaidh sé chun a bheith ina fhéile suaitheanta. Is féidir breithniú bliantúil a dhéanamh ar imeachtaí nua a bhfuil sé de mhianach iontu fás ina bhféilte suaitheanta.

Sainmhínítear **imeacht** mar cheiliúradh, gníomhaíocht, agus taispeántas nó taibhiú ar an ardán a bhíonn ar oscailt don phobal i gcoitinne ar feadh tréimhse teoranta agus ní gá gur saor in aisce a bhíonn an cead isteach.

Sainmhínítear **féile** mar líon d'imeachtaí comhchosúla a thagann le chéile, a dhéanann ceiliúradh ar théama amháin nó ar théama ginearálta agus a chuirtear chun cinn mar cheann amháin laistigh den téama seo, agus a tharlaíonn laistigh de chreat sainmhínithe ama.

Tarlaíonn **Imeachtaí Ócáideacha** ar bhonn aonuaire agus comhlíonann siad cuspóirí na bpleananna agus straitéisí de chuid Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge – mar shampla: Imeachtaí Comórtha Céad Bliain 1916, An Tóstal nó Lá Cuimhneacháin san am le teacht ar Covid srl.

**Imeachtaí Nuaghinte/ Ag Teacht Chun Cinn** is ea imeachtaí nua nó imeachtaí atá ag teacht chun cinn agus ina bhfuil comharthaí acmhainneachta don am le teacht le feiscint go

bhforbróidh siad agus ar féidir a thaispeáint go bhfuilid ag teacht le cuspóirí na Comhairle. Is den tábhacht é go dtacaítear leis na himeachtaí seo mar cothóidh agus spreagfaidh siad nuálaíocht agus cruthaitheacht agus is féidir go mbeidh sé de mhianach iontu dul i méid le himeachta ama chun go bhfásfaidh siad ina bpríomhimeachtaí. Féachfaidh Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge le tosaíocht a thabhairt d'fhéile nua ar a laghad gach bliain.

**Eile**

Tá na cistí i dtaca le Paráid Lá Fhéile Pádraig i gCathair Phort Láirge agus Soilsiú Ceiliúrtha le baint de na cistí ginearálta i leith féilte/imeachtaí agus beidh sé sin ina mhír i líne ar leith sa bhuiséad.

## Foramharc ar chistiúchán na bhféilte agus ar chistiúchán na n-imeachtaí

Is ann do thrí chatagóir cistiúcháin, agus tá spriocanna agus cuspóirí dá chuid féin ag gach catagóir:

1. Ealaíona (gan Deontais Chleachtais Ealaíon ná Deontais Láithreacha Ealaíon a áireamh)
2. Pobal
3. Geilleagar

Critéir ghinearálta intofachta i dtaca leis na catagóirí go léir d'fhéilte:

- Coiste ar a mbeidh triúr ball ar a laghad: an cathoirleach, an rúnaí agus an cisteoir a bheith ann.
- Cumhdach árachais dar luach €6.5m a bheith ann i dtaca le gníomhaíochtaí féile. Is cóir litir ón gcuideachta árachais a bheith in éineacht leis seo, litir ina slánaítear Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge in aghaidh gach éilimh.
- Deimhniú Bailí Imréitigh Chánach a bheith ann.

## Féilte Ealaíon

**Sainmhíniú**

Tá sé mar aidhm ag Scéim Deontas Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge i dtaca le Féilte Ealaíon raon éagsúil féilte ealaíon ar fud Chathair Phort Láirge agus ar fud Chontae Phort Láirge a chur chun cinn, agus tacú leis na féilte sin. Ba chóir go mbeadh na féilte ar archaighdeán ealaíonta, go mbeidís nuálach agus go gcuirfidís béim láidir ar ghafacht an phobail, taithí ealaíon ardcháilíochta a sheachadadh don lucht freastail, oibriú ar mhaithe le forbairt na gcleachtas saghsanna ealaíne, an lucht freastail a bheith gafa isteach go cruthaitheach agus go samhlaíoch sa chúram, agus deiseanna a mhéadú ar ghafacht an phobail. De réir mar atá an t-údarás áitiúil ag obair i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon, tá an beartas seo curtha go dlúth i gcomhréir lena gCreat Náisiúnta Féilte.

**Spriocanna agus Cuspóirí i ndáil le Féilte Ealaíon**

Tabharfaimid tosaíocht d'iarratais:

- A dhéanann friotal ar fhís ealaíonta uileghabhálach a mbíonn dáimh aici le cineál na ngníomhaíochtaí a mholtar aguss a léiríonn feabhas ealaíonta
- A léiríonn cáilíocht agus fís ardealaíonta (ealaíontóirí agus cláir)
- A thacaíonn le forbairt na gcleachtas/saghsanna ealaíon agus forbairt an chumais i measc na n-ealaíontóirí agus i measc na gcleachtóirí.
- A léiríonn ardleibhéal comhtháthúcháin le hacmhainní áitiúla, agus a tháirgeann fianaise ar thacaí ó raon éagsúil comhpháirtithe
- A thaispeánann tuiscint ar an gcomhthéacs nó ar an áit ina gcuirtear an fhéile i láthair, agus fianaise ar luach don phobal láithreach
- A thaispeánann go soiléir go mbíonn a gclár gafa le muintir na háite, agus ábhartha do mhuintir na háite
- A léiríonn feasacht ar ealaíontóirí a chónaíonn sa réigiún, agus an chaoi a mbíonn an fhéile ag oibriú chun tacú lena bhforbairt
- A léiríonn straitéisí do ghafacht láidir an phobail leis na luchtanna freastail, ar bhonn áitiúil agus réigiúnach, mar aon le teacht go forleathan ar na luchtanna freastail sin.
- A léiríonn bainisteoireacht fhónta éifeachtach féile agus airgeadais, agus seachadadh beartaithe ar ardchaighdeán, rud a chinntíonn go mbíonn an tionscadal a mholtar indéanta
- A chuireann san áireamh tírdhreach ealaíon agus cultúir an limistéir agus beartais agus straitéisí ábhartha Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge.

**Próiseas**

- Tá an scéim deontas seo ar oscailt d'eagraithe féilte ealaíon a bhfuil cuspóir ealaíonta soiléir acu agus a tharlaíonn i rith na bliana féilire atá ag baint le hábhar.
- Is trí phróiseas ar líne a dhéanfar na hiarratais agus raghaidh na moltaí go dtí an Chomhairle lena bhfaomhadh.
- Déanfar measúnú ar na hiarratais de bhun cháilíocht na ngníomhaíochtaí a mholtar agus de bhun uaillmhian na ngníomhaíochtaí a mholtar, de bhun indéantacht na n-imeachtaí agus de bhun iomláine na n-iarratas.
- Breithneofar iarratais a mbeidh comhair ealaíonta thrasdhisciplíneacha agus turgnamhaíocht ealaíonta thrasdhisciplíneach á gcur chun cinn acu.
- Is éard atá anseo ná comórtas iomaíoch ina dtairgtear cistí chun tacú le féilte a eagrú ar bhonn neamh-athfhillteach. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi ndeara go bhfuil na cistí á dtairiscint faoin gclár seo ar bhonn aonuaire agus ní foláir iarratas a dhéanamh arís ar na cistí gach bliain ar bhonn iomaíoch i bhfianaise an mhaoiniúcháin atá ar fáil.

**Tosca Eile**

- Déanfar áireamh sa scéim seo ar leathadh na gníomhaíochta ealaíon ar fud an chontae, agus is féidir go dtabharfar tosaíocht d'fhéilte i gceantair ina mbíonn méid cuíosach beag gníomhaíochta ealaíon ar siúl faoi láthair de rogha ar cheantair ina mbíonn go leor gníomhaíochta ealaíon cheana, lena n-áirítear obair na n-eagraíochtaí eile a fhaigheann cistí Ealaíon.
- Mar chontae Gaeltachta, tabharfar tosaíocht d'fhéilte atá suite sa Ghaeltacht, nó a bhfuil a bhféile á cur i láthair trí Ghaeilge acu, agus atá ag cloí le coinníollacha eile na scéime seo.
- I gcomhréir le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus um Chearta an Duine, tá an t-údarás áitiúil tiomanta do dheimhin a dhéanamh de go nglacfaidh sé bearta dearfacha dúnghaoise chun an comhionannas deiseanna a chur chun cinn maidir le gach éinne atá ag cónaí in Éirinn, gan beann ar a ngnéas, a dtreoshuíomh gnéasach, a stádas sibhialta nó teaghlaigh, a gcreideamh, a n-aois, a míchumas, a gcine nó a mballraíocht den Lucht Siúil.
- Thairis sin, tógaimid ceann d'fhoras an chúlra shocheacnamaíoch mar bhonn breise nach foláir an comhionnas deiseanna a ráthú ina thaobh. Cuirimid fáilte roimh iarratais a bhíonn ionadaíoch ar éagsúlacht shochaí na hÉireann, lena n-áirítear aon cheann de na saintréithe a léirítear thuas, ach gan a bheith teoranta do na saintréithe sin.

**Neamh-intofa don Scéim seo**

- Féilte tráchtála agus eagraíochtaí tráchtála
- Moltaí atá ina n-imeachtaí nasctha (mar shampla: sraith mhíosúil nó ráithiúil ceoil nó litríochta, ceolchoirmeacha taibhiúcháin atá séasúrach agus bunaithe ar thurasóirí)
- Scoileanna Samhraidh
- Sraitheanna Ceardlann, ranganna leanúnacha nó imeachtaí aonuaire
- Ní féidir breithniú a dhéanamh ar chistí a thabhairt ón scéim seo don tríú páirtí i riocht imeachtaí chun airgead a thiomsú atá nasctha leis an bhféile nó le linn na féile.
- Iarratais ó lasmuigh de réimse riaracháin Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
- Eagraíochtaí a bhfuil iarratas déanta acu chuig an údarás áitiúil faoi scéim eile chun tabhairt faoin gclár céanna gníomhaíochta
- Eagraíochtaí a mbeadh a ngníomhaíochtaí beartaithe níb oiriúnaí do scéim chistiúcháin eile den údarás áitiúil
- Eagraíochtaí a dhéanann níos mó ná iarratas amháin faoin scéim seo i mbliain féilire fiú má bhaineann sé le féile eile.

## Féile agus Imeachtaí Pobail

**Sainmhíniú**
Tá sé mar aidhm ag Scéim Deontas Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge i dtaca le Féilte agus Imeachtaí Pobail raon éagsúil féilte agus imeachtaí Pobail ar fud Chathair Phort Láirge agus ar fud Chontae Phort Láirge a chur chun cinn, agus tacú leis na féilte agus imeachtaí sin. Ba chóir go gcuirfeadh na féilte agus na himeachtaí béim láidir ar ghafacht an phobail, agus b'fhearr go sínfidís isteach sa mhórphobal.

**Spriocanna agus Cuspóirí i ndáil le Féilte agus Imeachtaí Pobail**
Tabharfaimid tosaíocht d'iarratais:

- A thaispeánann go soiléir go mbíonn an clár gafa le muintir na háite, agus ábhartha do mhuintir na háite
- A shealbhaíonn béim láidir ar an bpobal agus a sholáthraíonn fianaise ar thacaíocht ón mórphobal
- A oibríonn cláir a bhíonn dírithe ar theaghlaigh agus a eagraíonn imeachtaí a bhíonn ar oscailt do chách
- A mbíonn béim iontu ar an gcuimsiú sóisialta agus a fhéachann go sonrach do chuimsiú na ndaoine imeallaithe agus do chuimsiú na ndreamanna mionlaigh
- A léiríonn bainisteoireacht fhónta éifeachtach féile agus airgeadais, agus seachadadh beartaithe ar ardchaighdeán, rud a chinntíonn go mbíonn an tionscadal a mholtar indéanta
- A chuireann le luach Phort Láirge mar cheann scríbe turasóirí, ó thaobh an chlú de

**Próiseas**

- Tá an scéim deontas seo ar oscailt d'eagraithe féilte agus imeachtaí Pobail a bhfuil cuspóir ealaíonta soiléir acu agus a tharlaíonn i rith na bliana féilire atá ag baint le hábhar.
- Is trí phróiseas ar líne a dhéanfar na hiarratais agus raghaidh na moltaí go dtí an Chomhairle lena bhfaomhadh.
- Déanfar measúnú ar na hiarratais de bhun neart ghné 'Pobail' na féile/ an imeachta lena n-áireofar chomh uilechuimsitheach is a bheadh an fhéile/t-imeacht; de bhun cháilíocht an chláir a mholtar; de bhun bhainisteoireacht bheartaithe na féile/ an imeachta; agus de bhun dintiúirí an/na iarratasóra/n-iarratasóirí.
- Is éard atá anseo ná comórtas iomaíoch ina dtairgtear cistí chun tacú le féilte agus imeachtaí a eagrú. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi ndeara go bhfuil na cistí á dtairiscint faoin gclár seo ar bhonn aonuaire agus ní foláir iarratas a dhéanamh arís ar na cistí gach bliain ar bhonn iomaíoch i bhfianaise an mhaoiniúcháin atá ar fáil.

**Tosca Eile**

- Déanfar áireamh sa scéim seo ar an ngá le féilte agus imeachtaí Pobail a bheith scaipthe ar fud na cathrach agus ar fud an chontae agus déanfar cinntí dá réir sin maidir leis na féilte/himeachtaí. Mar chontae Gaeltachta, tabharfar tosaíocht d'fhéilte atá suite sa Ghaeltacht, nó a bhfuil a bhféile á cur i láthair trí Ghaeilge acu, agus atá ag cloí le coinníollacha eile na scéime seo.
- I gcomhréir le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus um Chearta an Duine, tá an t-údarás áitiúil tiomanta do dheimhin a dhéanamh de go nglacfaidh sé bearta dearfacha dúnghaoise chun an comhionannas deiseanna a chur chun cinn maidir le gach éinne atá ag cónaí in Éirinn, gan beann ar a ngnéas, a dtreoshuíomh gnéasach, a stádas sibhialta nó teaghlaigh, a gcreideamh, a n-aois, a míchumas, a gcine nó a mballraíocht den Lucht Siúil.

- Thairis sin, we tógaimid ceann d'fhoras an chúlra shocheacnamaíoch mar bhonn breise nach foláir an comhionnas deiseanna a ráthú ina thaobh. Cuirimid fáilte roimh iarratais a bhíonn ionadaíoch ar éagsúlacht shochaí na hÉireann, lena n-áirítear aon cheann de na saintréithe a léirítear thuas, ach gan a bheith teoranta do na saintréithe sin.

**Neamh-intofa don Scéim seo**

- Féilte tráchtála agus eagraíochtaí tráchtála
- Ní féidir breithniú a dhéanamh ar chistí a thabhairt ón scéim seo don tríú páirtí i riocht imeachtaí chun airgead a thiomsú atá nasctha leis an bhféile nó le linn na féile.
- Sraitheanna Ceardlann, ranganna leanúnacha nó imeachtaí aonuaire
- Iarratais ó lasmuigh de réimse riaracháin Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
- Eagraíochtaí a mbeadh a ngníomhaíochtaí beartaithe níb oiriúnaí do scéim chistiúcháin eile den údarás áitiúil

## Féilte & Imeachtaí Geilleagracha

**Sainmhíniú**

Ba chóir go mbeadh féilte agus imeachtaí geilleagracha ar scála a tharraingeodh cuairteoirí (ar bhonn réigiúnach/náisiúnta) go dtí ár lárionaid uirbeacha agus a chruthódh tairbhe gheilleagrach ar mhodh caiteachais mhéadaithe sa gheilleagar áitiúil, chomh maith le níos mó daoine ag fanacht thar oíche, agus cur le hiomrá Phort Láirge ar an leibhéal náisiúnta.

**Spriocanna agus cuspóirí na bhféilte geilleagracha agus na n-imeachtaí geilleagracha**

- Oibriú ar mhaithe le misean Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge mar a léirítear sa Phlean Corparáideach - 'Beidh Port Láirge, mar Phríomhchathair an Oirdheiscirt, ina háit bheomhar agus inbhuanaithe do na daoine go léir a chónaíonn, a oibríonn nó a infheistíonn ann, nó a thugann cuairt air'.
- A bheith i gcomhréir le haidhmeanna an Phlean Chorparáidigh agus leis na spriocanna de chuid Fáilte Éireann agus de chuid Tabhair Cuairt ar Phort Láirge/ Visit Waterford chun Port Láirge a chur chun cinn mar cheann scríbe den chéad scoth do chuairteoirí
- Tacú le níos mó daoine a bheith ag fanacht thar oíche
- Líon eochairimeachtaí ar scála (Féilte Lárnacha) agus líon imeachtaí lárnacha eile ar scála a sholáthraíonn clár imeachtaí do Phort Láirge ó cheann ceann na bliana
- Cur le hiomrá Phort Láirge ar bhonn náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta
- Caiteachas méadaithe a ghiniúint sa gheilleagar áitiúil
- Níos mó cuairteoirí ar ár lárionaid uirbeacha lena n-áirítear um thráthnóna agus san oíche chun tacú lenár ngeilleagar i gcaitheamh na hoíche

**Próiseas**

- Tá an scéim deontas seo ar oscailt oscailt d'eagraithe féilte agus imeachtaí a bhfuil cuspóir geilleagrach soiléir acu agus a tharlaíonn i rith na bliana féilire atá ag baint le hábhar.
- Is trí phróiseas ar líne a dhéanfar na hiarratais will agus raghaidh na moltaí go dtí an Chomhairle lena bhfaomhadh.
- Is éard atá anseo ná comórtas iomaíoch ina dtairgtear cistí chun tacú le féilte agus imeachtaí a eagrú. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi ndeara go bhfuil na cistí á dtairiscint faoin gclár seo ar bhonn aonuaire agus ní foláir iarratas a dhéanamh arís ar na cistí gach bliain ar bhonn iomaíoch i bhfianaise an mhaoiniúcháin atá ar fáil.

**Tosca Eile**

- Déanfar áireamh sa scéim seo ar an ngá le féilte agus imeachtai Pobail a bheith scaipthe ar fud na cathrach agus ar fud an chontae, agus ag féachaint go háirithe do na heochairlimistéir uirbeacha i Lár Chathair Phort Láirge, i nDún Garbhán agus i dTrá Mhór.
- Déanfar breithniú freisin maidir leis na dátaí i gcomhair na n-imeachtaí a mholfar chun deimhin a dhéanamh de chomhordú a bheith curtha i bhfeidhm ag na himeachtaí agus chun cabhrú le héascaíocht a bheith déanta ar chlár imeachtaí ó cheann ceann an bliana.
- Ina theannta sin, déanfar breithniú ar imeachtaí a chuirfidh beocht sna lárionaid uirbeacha sa séasúr ciúin seachbhuaice.

**Neamh-intofa don Scéim seo**

- Imeachtaí lántráchtála (imeachtaí brabúis) gan aon saorchead isteach ag an bpobal i gcoitinne nó nach gcuireann le geilleagar na háite ó thaobh cuairteoirí réigiúnacha/ náisiúnta/ idirnáisiúnta a tharraingt srl.,
- Imeachtaí atá dírithe ar an alcól a dhíol nó atá lonnaithe go príomha in ionaid ina bhfuil an t-alcól ar díol nó arb é comhlacht atá bainteach leis an alcól an príomh-urraitheoir (ainmnithe).
- Imeachtaí nó ceiliúrthaí spóirt nach dtacaíonn an Coiste Náisiúnta Rialúcháin is cuí leo. Ní foláir d'imeachtaí spóirt nó do cheiliúrthaí spóirt fianaise a chur ar fáil maidir le daoine ag fanacht thar oíche dá mbarr, clúdach idirnáisiúnta sna meáin agus tairbhí soiléire i dtaca le hiomrá Phort Láirge nó geilleagar Phort Láirge. Ní chuimhneofar ar íoc as costais a bhaineann le taisteal ná fáilteachas.
- Tionóil de Chlanna Gael
- Ní féidir breithniú a dhéanamh ar chistí a thabhairt ón scéim seo don tríú páirtí i riocht imeachtaí chun airgead a thiomsú atá nasctha leis an bhféile nó le linn na féile.
- Imeachtaí a dteipeann orthu a gcumas a thaispeáint ó thaobh na spiocanna a léirítear thuas a chur i gcrích.

## Eochairtháscairí Feidhmíochta a shaothrú i leith na bhféilte agus i leith na n-imeachtaí

Ní hionann na slata tomhais a úsáidfear chun an tionchar a bheidh ag na féilte agus na himeachtaí a thomhas, ag brath ar phríomhchúram an imeachta. Féadfaidh slata tomhais áirithe a bheith níos suibiachtúla agus níos deacra le tomhas. Cuir i gcás, féadfaidh Eochairtháscairí Feidhmíochta i leith imeachtaí pobalbhunaithe díriú ar ghafacht an phobail nó feasacht an phobail a mhéadú. Féadfaidh imeachtaí Ealaíon/Cultúir díriú ar líon na ndaoine a bheidh ag freastal ach chomh maith céanna feasacht a mhéadú ar na healaíona nó ar shaghsanna sonracha ealaíne, go háirithe na healaíona sainréimse, a bheith tábhachtach. Cuireann imeachtaí a bhíonn dírithe ar chúrsaí geilleagracha luach ar chuairteoirí a bheith ag teacht, daoine a bheith ag fanacht thar oíche, ar cárb as don lucht freastail, ar chlúdach dearfach sna meáin náisiúnta nó idirnáisiúnta srl.

Cé go gcuireann na slata tomhais uirlis luachmhar ar fáil chun cabhrú le Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge ó thaobh measúnacht a dhéanamh ar cibé acu a bheidh luach ar airgead bainte amach ó infheistíocht i bhféilte agus imeachtaí nó nach mbeidh, aithnítear gur cóir an iarracht ó thaobh na sonraí seo a bhailiú a bheith i gcomhréir le méid an chistiúcháin ó Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge agus aithnítear nach ceart ualach gan ghá a chur ar imeachtaí beaga chun na sonraí seo a bhailiú agus a chur i láthair.

Faoi réir cistí a bheith ar fáil sa bhliain 2022 chuige sin, oibreoidh Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge i dtosach leis na féilte suaitheanta sainaitheanta agus le cuideachta taighde margaidh chun saothrú a dhéanamh maidir le sraith d'Eochairtháscairí Feidhmíochta a bheidh áisiúil agus maidir leis na sonraí is féidir a thomhas go cuíosach fuirist, ar shlí a bheidh éifeachtach ó thaobh an chostais de, agus ar bhonn leanúnach chun tomhas a chur ar fáil maidir leis an dtionchar a bheidh ag gach ceann de na himeachtaí seo.